

## Plean Scoile don Ghaeilge



**Scoil Naisiúnta Rónáin Naofa,  
Cluain Lua,  
Co. Shligigh.**

### **Réamhráiteas:**

Cuireadh an plean seo le chéile le linn na scoilbhliana 07/08 a chuir comheagar agus comhordú ar an bplean. Bhí an fhoireann ar fad páirteach sa phróiseas. Thug an cuiditheoir PCSP tacaíocht leanúnach don bhfoireann. Rinne an fhoireann athbhriethnú ar an bplean i Mí na Samhna 2012 agus arís i Mí na Samhna 2015.

### **Bunchúiseanna:**

- ❖ Ní raibh aon phlean don Ghaeilge sa scoil
- ❖ Chabhródh sé go mór le múineadh na teanga
- ❖ Leanúnachas ó rang go rang
- ❖ Chun Cur Chuige Cumarsáideach a chur i bhfeidhm sa scoil
- ❖ Béim a chur ar na gnéithe áirithe den Churaclam

### **Fís:**

- ❖ Taitneamh a bhaint as an nGaeilge
- ❖ Ag fágaint na scoile go mbeidh na páistí in ann cur síos a dhéanamh ar a saol féin
- ❖ An Curaclam agus Cur Chuige Cumarsáideach a chur i bhfeidhm go héifeachtach
- ❖ Go gcloistear na múinteoirí ag labhairt Gaeilge anois is arís

## Aidhmeanna:

- ❖ Cumas léitheoireachta agus scríbhneoireachta an pháiste a chothú ag leibhéal a oireann dó/di agus don scoil
- ❖ Usáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide a chur chun cinn
- ❖ Feasacht teanga agus feasacht cultúir a chothú
- ❖ Taitneamh a bhaint as foghlaim na gaeilge
- ❖ Dearcadh dearfach i leith na Gaeilge agus spéis agus dúil inti a chothú

## Cur Chuige Cumarsáideach:

Cuirtear béim ar chumarsáid sa scoil seo dírithe ar riachtanaisí na bpáistí. Is é ról an mhúinteora an cur chuige seo a chur i bhfeidhm agus na feidhmeanna teanga a chothú chun comhrá a dhéanamh mar shampla slán a fhágáil, ceist a chur, srl. Sa structúr don cheacht, roinntear é ar thrí thréimhse

- ❖ An tréimhse réamhchumarsáide
- ❖ An tréimhse cumarsáide
- ❖ An tréimhse iarchumarsáide

## Feidhmeanna Teanga

- ❖ Go mbeidh tuiscint ag an bhfoireann cad iad agus chun iad a úsáid
- ❖ Go mbeidh liosta d'eisleamáirí le feiscint ar an mballa i ngach seomra\*
- ❖ Go mbeidh na páistí páirteach ag cur na heisleamáirí in oiriúint dá rang fhéin
- ❖ Go mbeidh na páistí in ann an Ghaeilge atá acu a úsáid don léamh, don scríobh agus don labhairt bunaithe at théarmaí a saol fhéin

\*féach ar shampla ag deireadh an phlean scoile seo

## Snáitheanna an Churaclaim

- ❖ Éisteacht: Tá na páistí ag éisteacht leis an teanga go neamhfhoirmiúil m.sh. sa rang nuair atá an múinteoir ag bainistiú ranga. Cloisfidh na páistí Gaeilge in úsáid in ábhair eile ó ham go ham m.sh. Corpoideachas. Beidh físeáin agus téipeanna Gaeilge ar siúl anois is arís. Cuirtear béim ar scil na héisteachta i rith an cheachta - éisteacht go foirmiúil.

- ❖ Labhairt: Tá béim mór sa scoil seo ar labhairt na Gaeilge. Ba mhaith linn go mbeidh na páistí in ann labhairt go simplí faoina saol féin agus faoi na topaicí a bhfuil spéis acu iontu. Beidh na páistí ag baint úsáide as an ngrille neamhfhoirmiúil. Molfaimid iad as ucht iarracht a dhéanamh an teanga a úsáid ó bhéal.
- ❖ Léitheoireacht: Tosaíonn clár ullmhúcháin don litreacht i ranganna na naíonán le rain, cluichí teanga, amhráin agus pictiúrleabhar, scéalta, na leabhair mhóra, teanga bhainistíochta ranga agus srl. Cuirtear le seo i Rang 1 agus 2 le prionta sa timpeallacht. Tarlaíonn tús na léitheoireachta go hoifigiúil i Rang 1.
- ❖ Scríbhneoireacht: Tarlaíonn tús na scríbhneoireachta i rang 1 le cóipeáil frásaí agus abairtí bunaithe ar na téamaí. Téann an scríbhneoireacht chun cinn le tascanna scríbhneoireachta - líon na bearnaí, cuir san ord ceart, freagair na ceisteanna, cuir focail in abairtí, scríobh alt gearr &rl. Tosnaíonn na páistí ag foghlaim litriú i Rang a 3. Tá an ghramadach ar siúl go neamhfhoirmiúil sna bunranganna agus go foirmiúil sna meán agus sna hardranganna.

## **Comhtháthú na Snáitheanna**

Sa scoil seo cuirtear béim ar éisteacht agus labhairt mar bhunús don litearach. Déanfaimid iarracht éisteacht/labhairt/léitheoireacht agus scríbhneoireacht a fhorbairt ar bhealach comhtháithe.

## **Téamaí, Straitéisí agus Modhanna Múinte**

Seo iad na téamaí: Mé Féin, Sa Bhaile, An Scoil, Bia, An Teilifís, Siopadóireacht, Caitheamh Aimsire, Éadaí, An Aimsir, Ócáidí Speisialta. Táimid chun fó-théamaí bunaithe ar shaol na bpáistí agus topaicí a bhfuil spéis iontu a roghnú faoi na deich dtéamaí.

Bainimid úsáid as straitéisí éagsúla agus modhanna múinte éagsúla inár ranganna. Tá sé mar aidhm again go mbainfimid úsáid as na heisleamáirí chun na feidhmeanna teanga a mhúineadh.

Is iad na sé modhanna is éifeachtaí a úsáidtear ná:

- ❖ An modh díreach
- ❖ Modh na sraithe
- ❖ Modh na lánfhreagartha gníomhaí
- ❖ An modh closabhartha
- ❖ An modh closamhairc
- ❖ Modh na ráite

Is iad seo a leanas na stráitéisí is coitianta a úsáidtear:

- ❖ Agallamh mar oinchar d'imirt i rólanna
- ❖ Cluichí teanga
- ❖ Tascanna agus fadhbanna
- ❖ Druileanna
- ❖ Dramaíocht
- ❖ Fiseáin
- ❖ Scéalaíocht
- ❖ Dánta
- ❖ Amhráin
- ❖ Plé
- ❖ Díospóireacht

## **Gaeilge Neamhfoirmiúil-úsáid na Gaeilge i rith an lae**

Mollaimid an Ghaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir i rith an lae m.sh. am rolla, am loin, ag teach tar scoil, ag dul abhaile. Tá priont sa timpeallacht agus tá frásaí na seachtaine againn.

## **Pleanáil Eagraíochta:**

### **Pleanáil an mhúinteora**

Déanann gach múinteoir ranga pleanáil fhadtéarmach agus pleanáil ghearrtéarmach bunaithe ar Curaclam na Bunscoile don Ghaeilge agus ar an bplean seo. Ag deireadh gach mí déanann gach múinteoir cúntús ar an nGaeilge atá múinte agus foghlama ag páistí le linn na míosa.

### **Áiseanna**

Tá na háiseanna le fáil sna seomraí ranga. Tá liosta a chur le chéile againn faoi láthair. Tá súil againn cuir leis na háiseanna seo go rialta.

## Éagsúlacht cumais

Sa scoil seo déanfar iarracht freastal ar éagsúlacht cumais na bpáistí trí módhanna múinte, straitéisí éagsúla agus achmainní difriúla a úsáid.

## Comhtháthú le hÁbhair eile

Mollaimid an Ghaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir in ábhair eile m.sh. Drámaíocht, Corpoideachas, Ceol.

## Measúnú

- ❖ Dírbhreathnú an mhúinteora ar ma scileanna cumarsáide: éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht.
- ❖ Liosta na bhfeidhmeanna teanga
- ❖ Tascanna deartha ag an múinteoir
- ❖ Bailiúcháin obair an pháiste

## Obair Bhaile

Tugtar obair bhaile bunaithe ar an litriú agus obair atá réamhullmhaithe.

## Forbairt Foirne

Úsáidimid an Ghaeilge go neamhfhoirmiúil sa scoil agus tá tacaíocht le fail ón PCSP chun múinin a thabhairt dúinn sa Ghaeilge.

## Cur i bhfeidhm an phlean

Tá gach múinteoir freagrach as an bplean a chur i gcrích.

## Athbhreithniú ar an bplean

Pléifear dul chun cinn an phlean go minic. Beidh athbhreithniú déanta ar an bplean seo go rialto. Déanfar an céad athbhreithniú eile le linn na scoilbhliana 2018-2019 nó níos luaithe mar is gnáth.

Síniú: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_

